



Uimhir 22 de 2003

Acht na Radharcmhcastóirí (Leasú), 2003
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 22 de 2003

ACHT NA RADHARCMHEASTÓIRÍ (LEASÚ), 2003

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míniú.
2. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.
3. Leasú ar alt 23 den Phríomh-Acht.
4. Teideal nua ar radharcmeastóirí ophtalmacha.
5. Leasú ar alt 24 den Phríomh-Acht.
6. Leasú ar an bPríomh-Acht — alt nua 24A a chur isteach
7. Leasú ar alt 25 den Phríomh-Acht.
8. Leasú ar alt 33 den Phríomh-Acht.
9. Leasú ar an bPríomh-Acht — alt nua 33A a chur isteach
10. Leasú ar alt 34 den Phríomh-Acht.
11. Pionóis airgid a mhéadú.
12. Leasú ar alt 48 den Phríomh-Acht.
13. Tosach feidhme.
14. Gearrtheideal agus comhlua.

[Uimh. 22.] *Acht na Radharcmhastóirí (Leasú)*, 2003. [2003.]

AN TACHT DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht na Radharcmhastóirí, 1956

1956, Uimh. 17



Uimhir 22 de 2003

ACHT NA RADHARCMHEASTÓIRÍ (LEASÚ), 2003

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ ACHT NA RADHARCMHASTÓIRÍ, 1956,
AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE
GAOLMHARA. *[3 Iúil 2003]*

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo ciallaíonn “Príomh-Acht” Acht na Radharcmhastóirí, Míniú.
1956.

2.—Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 2 den
Phríomh-Acht.

(a) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘sciathspéaclaí neamhfhócasacha’ nó ‘spéaclaí gréine neamhfhócasacha’ sciathspéaclaí nó spéaclaí gréine ina bhfuil lionsaí nach bhfuil aon chumhacht optúil iontu;

ciallaíonn ‘Ballstát’ stát is ball den Aontas Eorpach;

ciallaíonn ‘spéaclaí léitheoireachta réamhdhéanta’ spéaclaí ina bhfuil 2 lionsa aonradharcacha a bhfuil an chumhacht sféarúil dheimhneach chéanna nach mó ná 4 dhiaptar i ngach ceann acu agus arb é an cuspóir atá leo an riocht ar a dtugtar an seanradharc a mhaolú;”

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “spéaclaí”:

“folaíonn ‘spéaclaí’—

(a) lionsaí tadhaill, bíodh siad ina lionsaí neamhfhócasacha nó fócasacha,

(b) *pince-nez*, agus

(c) leathspéaclaí,

ach ní fholáíonn sé—

(i) sciathspéaclaí neamhfhócasacha ná earraí dá samhail,

(ii) spéaclaí gréine neamhfhócasacha ná earraí dá samhail, ná

(iii) spéaclaí léitheoireachta réamhdhéanta.”.

Leasú ar alt 23 den Phríomh-Acht.

3.—Leasaítear alt 23 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Clár na nOptaiméadraithe a thabharfar ar Chlár na Radharcmhéastóirí Ophtalmacha ar thosach feidhme an fho-ailt seo agus dá éis sin.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Aon duine a bhí cláraithe i gClár na Radharcmhéastóirí Ophtalmacha díreach roimh thosach feidhme fho-alt (1A) den alt seo, measfar é a bheith cláraithe i gClár na nOptaiméadraithe díreach tar éis thosach feidhme an fho-ailt sin.”.

Teideal nua ar radharcmhéastóirí ophtalmacha.

4.—Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) tríd an leagan cuí gramadaí de “Clár na nOptaiméadraithe” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Clár na Radharcmhéastóirí Ophtalmacha” gach áit a bhfuil na focail sin, ach amháin in ailt 23(1), (1A) agus (5),

(b) tríd an leagan cuí gramadaí de “optaiméadraí cláraithe” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “radharcmhéastóir ophtalmach cláraithe” gach áit a bhfuil na focail sin,

(c) tríd an leagan cuí gramadaí de “optaiméadraithe cláraithe” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “radharcmhéastóirí ophtalmacha cláraithe” gach áit a bhfuil na focail sin, agus

(d) tríd an leagan cuí gramadaí de “optaiméadraí” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “radharcmhéastóir ophtalmach” gach áit a bhfuil na focail sin.

Leasú ar alt 24 den Phríomh-Acht.

5.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 24:

“Daoine a oileadh sa Stát a chlárú i gClár na nOptaiméadraithe.

24.—(1) Cláróidh an Bord, de réir na rialacha agus ar an táille chuí a fháil, i gClár na nOptaiméadraithe, duine a iarrfaidh é a chlárú amhlaidh agus—

(a) atá tar éis dul faoi na cúrsaí oiliúna agus na scrúduithe a ghnóthú (ar cúrsaí oiliúna agus scrúduithe faoi Chuid V den Acht seo iad) a shonrófar chun críocha an ailt seo sna rialacha,

(b) is duine dea-charachtair agus ar a bhfuil dea-chlú agus nach bhfuil dearbhaithe ina fhéimheach, agus

(c) nach bhfuil toirmiscthe, ná curtha ar fionraí, ón ngairm a chleachtadh—

(i) mar gheall ar chiontú i gcion, nó

(ii) mar gheall ar mhí-iompar tromchúiseach,

i dtaca le dualgais ghairmiúla a chomhall.

(2) Mura deimhin leis an mBord go bhfuil an t-iarratasóir cáilithe lena chlárú, cuirfidh sé fógra i scríbhinn chuig an iarratasóir a luaithe is indéanta ina luafar an bhreith, an chúis leis an mbreith agus an dáta a tugadh í.

(3) Aon iarratasóir a gheobhaidh breith dá dtagraítear i bhfo-alt (2), féadfaidh sé achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne na breithe laistigh de thréimhse 3 mhí dar tús dáta na breithe.

(4) Ar achomharc faoin alt seo a éisteacht, féadfaidh an Ard-Chúirt aon ordú is cuí léi a dhéanamh, lena n-áirítear ordú—

(a) lena ndaingneofar nó lena gcuirfear ar ceal aon bhreith ón mBord a bhaineann leis an iarratas ar chlárú, nó

(b) lena dtarchuirfear an t-iarratas ar chlárú, fara treoruithe nó dá n-éagmais, chuig an mBord chun é a bhreithniú arís agus breith nua a thabhairt i ndáil leis.”.

6.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

Leasú ar an bPríomh-Acht — alt nua 24A a chur isteach.

“Náisiúnaigh Ballstát eile a chlárú i gClár na nOptaiméadraithe.

24A.—Cláróidh an Bord, ar an táille chuí a fháil, i gClár na nOptaiméadraithe, duine a iarrfaidh é a chlárú amhlaidh agus—

(a) is náisiúnach de Bhallstát seachas an Stát, agus

(b) atá údaraithe de bhua Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Córas Ginearálta maidir le hAitheantas a Thabhairt do Dhioplómaí Ard-Oideachais), 1991 (I.R. Uimh. 1 de 1991) chun dul i mbun ghairm an optaiméadraí agus í a chleachtadh.”.

7.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 25:

Leasú ar alt 25 den Phríomh-Acht.

“Daoine eile a chlárú i gClár na nOptaiméadraithe.

25.—(1) Cláróidh an Bord, de réir na rialacha agus ar an táille chuí a fháil, i gClár

na nOptaiméadraithe, duine seachas duine dá dtagraítear in ailt 24 nó 24A, a iarrfaidh é a chlárú amhlaidh agus—

- (a) atá tar éis dul faoi na cúrsaí oiliúna agus na scrúduithe a ghnóthú a shonrófar chun críocha an ailt seo sna rialacha,
- (b) is duine dea-charachtair nó ar a bhfuil dea-chlú agus nach bhfuil dearbhaithe ina fhéimheach, agus
- (c) nach bhfuil toirmisceithe, ná curtha ar fionraí, ón ngairm a chleachtadh—
 - (i) mar gheall ar chiontú i gcion, nó
 - (ii) mar gheall ar mhí-iompar tromchúiseach,
 i dtaca le dualgais ghairmiúla a chomhall.

(2) Mura deimhin leis an mBord go bhfuil an t-iarratasóir cáilithe lena chlárú, cuirfidh sé fôgra i scríbhinn chuig an iarratasóir a luaithe is indéanta ina luafar an bhreith, an chúis leis an mbreith agus an dáta a tugadh an bhreith.

(3) Aon iarratasóir a gheobhaidh breith dá dtagraítear i bhfo-alt (2), féadfaidh sé achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne na breithe laistigh de thréimhse 3 mhí dar tús dáta na breithe.

(4) Ar achomharc faoin alt seo a éisteacht, féadfaidh an Ard-Chúirt aon ordú is cuí léi a dhéanamh, lena n-áirítear ordú—

- (a) lena ndaingneofar nó lena gcuirfear ar ceal aon bhreith ón mBord a bhaineann leis an iarratas ar chlárú, nó
- (b) lena dtarchuirfear an t-iarratas ar chlárú, fara treoruithe nó dá n-éagmais, chuig an mBord chun é a bhreithniú arís agus breith nua a thabhairt i ndáil leis.”.

Leasú ar alt 33 den Phríomh-Acht.

8.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 33:

“Daoine a oileadh sa Stát a chlárú i gClár na Radharcmhéastóirí Urghnaimh.

33.—(1) Cláróidh an Bord, de réir na rialacha agus ar an táille chuí a fháil, i gClár na Radharcmhéastóirí Urghnaimh, duine a iarrfaidh é a chlárú amhlaidh agus—

- (a) atá tar éis dul faoi na cúrsaí oiliúna agus na scrúduithe a ghnóthú,

ar cúrsaí oiliúna agus scrúduithe faoi Chuid V den Acht seo iad, a shonrófar chun críocha an ailt seo sna rialacha,

(b) is duine dea-charachtair agus ar a bhfuil dea-chlú agus nach bhfuil dearbhaithe ina fhéimheach, agus

(c) nach bhfuil toirmiscthe, ná curtha ar fionraí, ón ngairm a chleachtadh—

(i) mar gheall ar chiontú i gcion, nó

(ii) mar gheall ar mhí-iompar tromchúiseach,

i dtaca le dualgais ghairmiúla a chomhall.

(2) Mura deimhin leis an mBord go bhfuil an t-iarratasóir cáilithe lena chlárú, cuirfidh sé fógra i scríbhinn chuig an iarratasóir a luaithe is indéanta ina luafar an bhreith, an chúis leis an mbreith agus an dáta a tugadh an bhreith.

(3) Aon iarratasóir a gheobhaidh breith dá dtagraítear i bhfo-alt (2), féadfaidh sé achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne na breithe laistigh de thréimhse 3 mhí dar tús dáta na breithe.

(4) Ar achomharc faoin alt seo a éisteacht, féadfaidh an Ard-Chúirt aon ordú is cuí léi a dhéanamh, lena n-áirítear ordú—

(a) lena ndaingneofar nó lena gcuirfear ar ceal aon bhreith ón mBord i ndáil leis an iarratas ar chlárú, nó

(b) lena dtarchuirfear an t-iarratas ar chlárú, fara teoruithe nó dá n-éagmais, chuig an mBord chun é a bhreithniú arís agus breith nua a thabhairt i ndáil leis.”.

9.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“Náisiúnaigh Ballstát eile a chlárú i gClár na Radharcmhéastóirí Urghnaimh.

33A.—Cláróidh an Bord, ar an táille chuí a fháil, i gClár na Radharcmhéastóirí Urghnaimh, duine a iarrfaidh é a chlárú amhlaidh agus—

(a) is náisiúnach de Bhallstát seachas an Stát, agus

(b) atá údaraithe de bhua Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Dara Córas Ginearálta maidir le hAitheantas a Thabhairt d'Oideachas

Leasú ar an bPríomh-Acht — alt nua 33A a chur isteach.

Gairmiúil agus d'Oiliúint Ghairmiúil), 1996 (I.R. Uimh. 135 de 1996) chun dul i mbun ghairm an radharcmhéastóra urghnaimh agus í a chleachtadh.”.

Leasú ar alt 34 den Phríomh-Acht.

10.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 34:

“Daoine eile a chlárú i gClár na Radharcmhéastóirí Urghnaimh.

34.—(1) Cláróidh an Bord, de réir na rialacha agus ar an táille chuí a fháil, i gClár na Radharcmhéastóirí Urghnaimh, duine seachas duine dá dtagraítear in alt 33 nó 33A, a iarrfaidh é a chlárú amhlaidh agus—

- (a) atá tar éis dul faoi na cúrsaí oiliúna agus na scrúduithe a ghnóthú a shonrófar chun críocha an ailt seo sna rialacha,
 - (b) is duine dea-charachtair agus ar a bhfuil dea-chlú agus nach bhfuil dearbhaithe ina fhéimheach, agus
 - (c) nach bhfuil toirmiscithe, ná curtha ar fionraí, ón ngairm a chleachtadh—
 - (i) mar gheall ar chiontú i gcion, nó
 - (ii) mar gheall ar mhí-iompar tromchúiseach,
- i dtaca le dualgais ghairmiúla a chomhall.

(2) Mura deimhin leis an mBord go bhfuil an t-iarratasóir cáilithe lena chlárú, cuirfidh sé fógra i scríbhinn chuig an iarratasóir a luaithe is indéanta ina luafar an bhreith, an chúis ar tugadh an bhreith agus an dáta a tugadh an bhreith.

(3) Aon iarratasóir a gheobhaidh breith dá dtagraítear i bhfo-alt (2), féadfaidh sé achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne na breithe laistigh de thréimhse 3 mhí dar tús dáta na breithe.

(4) Ar achomharc faoin alt seo a éisteacht, féadfaidh an Ard-Chúirt aon ordú is cuí léi a dhéanamh, lena n-áirítear ordú—

- (a) lena ndaingneofar nó lena gcuirfear ar ceal aon bhreith ón mBord i ndáil leis an iarratas ar chlárú, nó
- (b) lena dtarchuirfear an t-iarratas ar chlárú, fara treoruithe nó dá n-éagmais, chuig an mBord chun é a bhreithniú arís agus breith nua a thabhairt i ndáil leis.”.

11.—Leasaítear an Príomh-Acht—

Pionóis airgid a
mhéadú.

(a) in alt 47(5)—

- (i) trí “€1,000” a chur in ionad “fiche punt”, agus
- (ii) trí “€3,000” a chur in ionad “céad punt”,

(b) in alt 48(2)—

- (i) trí “€1,000” a chur in ionad “fiche punt”, agus
- (ii) trí “€3,000” a chur in ionad “céad punt”,

(c) in alt 49(4)—

- (i) trí “€500” a chur in ionad “deich bpoint”, agus
- (ii) trí “€1,500” a chur in ionad “caoga punt”,

(d) in alt 50(8)—

- (i) trí “€500” a chur in ionad “deich bpoint”, agus
- (ii) trí “€1,500” a chur in ionad “caoga punt”,

(e) in alt 51(2)—

- (i) trí “€500” a chur in ionad “deich bpoint”, agus
- (ii) trí “€1,500” a chur in ionad “caoga punt”,

agus

(f) in alt 52(2)—

- (i) trí “€1,000” a chur in ionad “fiche punt”, agus
- (ii) trí “€3,000” a chur in ionad “céad punt”.

12.—Leasaítear alt 48 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 48 den
Phríomh-Acht.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Ní dhéanfaidh radharc-mheastóir cláraithe nach lia-chleachtóir cláraithe a thabhairt le tuiscint, trí aon ráiteas i scríbhinn nó ó bhéal nó trí aon ghníomh, go ndearna an radharc-mheastóir cláraithe fáthmheas liachta ar ghalar súl nó go bhfuil sé inniúil air sin a dhéanamh nó, i ndáil le cóireáil na súl, go ndearna an radharc-mheastóir cláraithe aon ní nó go bhfuil sé inniúil ar aon ní a dhéanamh seachas—

(a) i gcás optaiméadraí chláraithe, speaclaí a sholáthar nó oidis a thabhairt lena n-aghaidh, nó

(b) i gcás radharc-mheastóra urghnaimh chláraithe, speaclaí a sholáthar.”,

agus

(b) an fo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(4) Más rud é, le linn scrúdú súl a dhéanamh, go mbeidh drochamhras ag radharc-mheastóir cláraithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) go bhfuil galar súl nó riocht súl ann, cuirfidh an radharc-mheastóir cláraithe an méid sin in

iúl don othar agus molfaidh sé don othar dul i gcomhairle le lia-chleachtóir cláraithe.”.

Tosach feidhme.

13.—Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Gearrtheideal agus comhlua.

14.—(1) Féadfar Acht na Radharcmhéastóirí (Leasú), 2003 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna na Radharcmhéastóirí, 1956 agus 2003, a ghairm d’Acht na Radharcmhéastóirí 1956 agus den Acht seo le chéile agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

